Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Feabhra 2020
(OR. en)

5789/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0013(NLE)**

SCH-EVAL 20
ENFOPOL 32
COMIX 45

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5788/20 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar **Phoblacht na Seice** maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i dtaca leis an g**comhar póilíneachta** |

1. Tar éis don Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 a ghlacadh lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar Phoblacht na Seice sa bhliain 2019 maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i dtaca leis an gcomhar póilíneachta.

2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht sin agus a áiritheoidh go gcuirfidh Poblacht na Seice rialacha uile Schengen i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach a mhéid a bhaineann leis an gcomhar póilíneachta.

3. Ar an 3 Feabhra 2020, d'fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen (Meastóireacht), lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh.

4. Iarrtar, ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a leagtar amach in 5788/20 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.